Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**10442/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0202(NLE)**

**UD 167**
**COLAC 39**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Lúnasa 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 429 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir i ndáil le modhnuithe ar Aguisín 2 agus le Nótaí Míniúcháin i dtaobh Airteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 429 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 429 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 25.8.2020
COM(2020) 429 final

2020/0202 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir i ndáil le modhnuithe ar Aguisín 2 agus le Nótaí Míniúcháin i dtaobh Airteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir i ndáil le dhá chinneadh a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh ag an gComhairle Comhlachais a cuireadh ar bun leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile ("an Comhaontú").

Bainfidh na cinntí sin, ar lámh amháin, le nuashonrú de réir Chóras Comhchuibhithe 2012 agus Chóras Comhchuibhithe 2017 ar an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe ("rialacha táirgeshonracha"), liosta atá in Aguisín 2 d'Iarscríbhinn II, a ghabhann leis an gComhaontú, maidir le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus le modhanna comhair riaracháin ("Iarscríbhinn II") agus, ar an lámh eile, le Nótaí Míniúcháin a bhaineann leis na forálacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir

Is é is aidhm don Chomhaontú trádáil dhéthaobhach idir an tAontas agus Meiriceá Láir a mhéadú agus trína bhíthin sin próiseas an lánpháirtithe réigiúnaigh a neartú i measc thíortha an réigiúin. Tá an Comhaontú Comhlachais á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Lúnasa 2013 i leith le Hondúras, Nicearagua agus Panama, ón 1 Deireadh Fómhair 2013 i leith le Cósta Ríce agus an tSalvadóir, agus ón 1 Nollaig 2013 i leith le Guatamala.

### 2.2. An Chomhairle Comhlachais

Maoirseoidh an Chomhairle Comhlachais comhlíonadh chuspóirí an Chomhaontaithe agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe. Scrúdóidh sí aon saincheist thromchúiseach a thagann chun cinn faoin gComhaontú, chomh maith le haon cheist leasa choitinn eile a scrúdú, bíodh sin déthaobhach, iltaobhach nó idirnáisiúnta, agus scrúdóidh sí freisin tograí agus moltaí ó na páirtithe maidir leis an gcaidreamh arna bhunú faoin gComhaontú a fheabhsú. Glacfaidh an Chomhairle Comhlachais cinntí agus moltaí trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe. An Fochoiste um Chustaim, Éascú Trádála, agus Rialacha maidir le Tionscnamh, fochoiste a chur obair ullmhúcháin i gcrích, molann sé don Chomhairle Comhlachais an togra a fhormheas.

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag an gComhairle Comhlachais

Tá an Chomhairle Comhlachais le dhá ghníomh a ghlacadh:

**Cinneadh lena gcuirtear ionadaí isteach in áit Aguisín 2 d'Iarscríbhinn II**

Leis an leasú ar Aguisín 2 d'Iarscríbhinn II díreofar ar na rialacha tionscnaimh "táirgeshonracha" a nuashonrú chun iad a chur ar aon dul le leaganacha 2012 agus 2017 den Chóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (CC)[1].

[1] "Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí" na hEagraíochta Domhanda Custaim, 1983.

**Cinneadh maidir le Nótaí Míniúcháin i dtaobh Airteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II**

Cumhdófar leis na nótaí sin an cruthúnas tionscnaimh a líonadh isteach, rud ar a dtugtar teastas gluaiseachta EUR.1, chomh maith le láimhseáil botún agus earráidí a bhaineann leis an teastas céanna. Cuirtear treoir ar fáil freisin maidir le dearbhuithe sonraisc trína ndéanann onnmhaireoir ceadaithe an cruthúnas tionscnaimh a dheimhniú é féin, le honnmhaireoirí ceadaithe a údarú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus leis an teorainn luacha ar féidir le haon onnmhaireoir dearbhú sonraisc a tharraingt suas faoina bun.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Cumhdaítear dhá ghné d'Iarscríbhinn II leis an ngníomhaíocht sin atá beartaithe.

**Nuashonrú ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha de réir CC 2012 agus CC 2017**

Leagtar amach in Aguisín 2 d'Iarscríbhinn II an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe. Tá na rialacha táirgeshonracha sin bunaithe ar Chóras Comhchuibhithe (CC) 2007 maidir le hearraí a aicmiú, córas atá anois as dáta de bharr nuashonruithe a rinneadh in 2012 agus 2017. Cumhdaítear na nuashonruithe sin leis an ngníomhaíocht seo.

Chomhaontaigh Meiriceá Láir agus an tAontas go sealadach na rialacha táirgeshonracha a nuashonrú trína gcur ar aon dul le CC 2012. Le Cinneadh (AE) 2016/1336 ón gComhairle dar dáta an 18 Iúil 2016 comhaontaíodh an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhairle Comhlachais maidir leis na nuashonruithe sin. Ós rud é gur glacadh an Cinneadh ón gComhairle i ndiaidh Choiste Comhlachais an 23 Meitheamh 2016, agus go gcaithfí nuashonrú a dhéanamh de réir CC 2017 gan mhoill, aontaíodh go ndéanfaí obair chun teacht ar chomhaontú maidir le hathruithe a ghlacadh de réir CC 2012 agus CC 2017 araon.

Tar éis cruinniú Fhochoiste AE-Mheiriceá Láir um Chustaim, Éascú Trádála, agus Rialacha Tionscnaimh a reáchtáladh an 18-19 Meitheamh 2019 i nGuatamala, agus comhfhreagrais ina dhiaidh sin, thángthas ar chomhaontú maidir leis na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a nuashonrú de réir CC 2012 agus CC 2017.

**Nótaí Míniúcháin**

Luaitear in Airteagal 37 d'Iarscríbhinn II go ndéanfaidh na Páirtithe "Nótaí Míniúcháin" maidir le léirmhíniú, cur chun feidhme agus riarachán Iarscríbhinn II a chomhaontú laistigh den Fhochoiste um Chustaim, Éascú Trádála, agus Rialacha Tionscnaimh, ar mhaithe lena mholadh don Chomhairle Comhlachais na nótaí sin a fhormheas. Cumhdaítear leis an ngníomhaíocht seo Nótaí Míniúcháin a ghlacadh.

Bhí cruinniú ag Fochoiste AE-Mheiriceá Láir um Chustaim, Éascú Trádála, agus Rialacha Tionscnaimh an 1-2 Meitheamh 2015 sa Bhruiséil agus chomhaontaigh siad Nótaí Míniúcháin. Cumhdaítear leo sin treoir maidir le hAirteagal 15 d'Iarscríbhinn II ó thaobh eisiúint agus líonadh isteach teastas gluaiseachta EUR.1, teastais is féidir a úsáid mar chruthúnas tionscnaimh. Le Cinneadh (AE) 2016/1001 ón gComhairle dar dáta an 20 Meitheamh 2016 comhaontaíodh seasamh an Aontais maidir leis na Nótaí Míniúcháin sin sa Chomhairle Comhlachais.

Mar sin féin, níorbh fhéidir leis an gCoiste Comhlachais, a raibh cruinniú acu an 23 Meitheamh 2016 in Hondúras, teacht ar chomhaontú mar nár cuireadh isteach tuilleadh treorach, treoir maidir le teastais ghluaiseachta EUR.1 a dhiúltú go príomha. Sna chéad chruinnithe eile d'Fhochoiste AE-Mheiriceá Láir um Chustaim, Éascú Trádála, agus Rialacha

Tionscnaimh a reáchtáladh in 2017, 2018 agus 2019, rinneadh tuilleadh oibre chun teacht an iarraidh sin ar chomhaontú maidir le Nótaí Míniúcháin nuashonraithe.

Áirítear anois sna Nótaí Míniúcháin treoir maidir leis na cúiseanna teicniúla a bhíonn le teastas gluaiseachta EUR.1 a dhiúltú agus le cóir fhabhrach a dhiúltú gan fíorú. Cuirtear treoir ar fáil freisin maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann leis an dearbhú sonraisc, leis an mbonn ar a gcuirtear i bhfeidhm an teorainn luacha ar féidir le haon onnmhaireoir dearbhú sonraisc a tharraingt suas faoina bun, agus le honnmhaireoirí ceadaithe a údarú agus faireachán a dhéanamh orthu.

**Aon Chinneadh amháin ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais**

Leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir, i ndáil leis na modhnuithe ar Aguisín 2 agus le Nótaí Míniúcháin Iarscríbhinn II, déanfar Cinneadh (AE) 2016/1336 ón gComhairle dar dáta an 18 Iúil 2016 agus Cinneadh (AE) 2016/1001 ón gComhairle dar dáta an 20 Meitheamh 2016 faoi seach, cinntí atá imithe i léig, a aisghairm agus cinneadh eile a chur ina n-áit.

Is de dhea-chleachtais an Aontais é na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a nuashonrú de réir na nuashonruithe a dhéantar gach cúig bliana ar an gCóras Comhchuibhithe. Tá na Nótaí Míniúcháin comhsheasmhach le Nótaí Míniúcháin eile arna gcomhaontú sna Comhaontuithe Saorthrádála idir an tAontas agus an tSile, agus Meicsiceo, agus comhsheasmhach freisin leis na Nótaí Míniúcháin sna Prótacail Uile-Eora-Mheánmhara maidir leis na rialacha tionscnaimh.

Baineann an togra le cur chun feidhme comhaontaithe um thrádáil fhabhrach a tugadh chun críche mar chuid den chomhbheartas tráchtála, comhbheartas ar réimse é ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos "*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*."

Áirítear ar na "*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*" gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh "*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*"[2].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is eagraíocht í an Chomhairle Comhlachais a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile.

---

2 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

An gníomh a n-iarrtar ar an gComhairle Comhlachais é a ghlacadh, gníomh ar cinneadh é sa chás seo, is éard atá ann gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh bheartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substainteach dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le comhbheartas tráchtála an Aontais.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atáthar a bheartú.

## 5. Foilsiú na ngníomhartha atá beartaithe

De bhrí go modhnófar Aguisín 2 leis na gníomhartha ón gComhairle Comhlachais agus go bhfónfar leo do chur chun feidhme Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, is iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha.

2020/0202 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir i ndáil le modhnuithe ar Aguisín 2 agus le Nótaí Míniúcháin i dtaobh Airteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe don chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile ("an Comhaontú"), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (2012/734/AE) ón gComhairle dar dáta an 25 Meitheamh 2012[3] agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Lúnasa 2013 i leith idir an tAontas, Nicearagua, Hondúras, agus Panama, ón 1 Deireadh Fómhair 2013 i leith idir na páirtithe sin agus an tSalvadóir agus Cósta Ríce, agus ón 1 Nollaig 2013 idir an tAontas, Nicearagua, Hondúras, Panama, an tSalvadóir agus Cósta Ríce ar lámh amháin agus Guatamala ar lámh eile.

(2) De bhun Airteagal 36 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, maidir le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus le modhanna comhair riaracháin, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais forálacha Aguisíní Iarscríbhinn II a mhodhnú. De bhun Airteagal 37 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais nóta míniúcháin a fhormheas maidir le léirmhíniú, cur chun feidhme agus riarachán Iarscríbhinn II.

(3) Tá an Chomhairle Comhlachais le Cinneadh a ghlacadh maidir le Aguisín 2 (Liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe) d'Iarscríbhinn II a mhodhnú, liosta atá bunaithe ar Chóras Comhchuibhithe (CC) 2007, chun na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a ailíniú leis an gCóras Comhchuibhithe nuashonraithe mar is infheidhme ó 2017 i leith. Áirítear san ailíniú sin na hathruithe a tugadh isteach le CC 2012, agus athruithe neamhshubstainteacha i gcás CC 2017, maidir le rialacha táirgeshonracha Aguisín 2.

(4) Tá an Chomhairle Comhlachais le Cinneadh a ghlacadh freisin maidir le Nótaí Míniúcháin a thabhairt isteach i dtaobh Airteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú ar mhaithe le trédhearcacht agus aonfhoirmeacht a áirithiú agus na rialacha tionscnaimh á gcur i bhfeidhm maidir le

[3] IO L 346, 15.12.2012, lch. 1

Teastas Gluaiseachta EUR.1, dearbhuithe sonraisc, onnmhaireoirí ceadaithe agus cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeacht dlí ag an dá Chinneadh san Aontas. Is iomchuí freisin Cinneadh (AE) 2016/1001 ón gComhairle dar dáta an 20 Meitheamh 2016[4] agus Cinneadh (AE) 2016/1336 ón gComhairle dar dáta an 18 Iúil 2016[5] a aisghairm, cinntí lena mbunaítear seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir le gníomhartha nach bhfuil le glacadh ag an gComhairle Comhlachais a thuilleadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Bunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais ar an dá dhréachtchinneadh a cheanglaítear mar Iarscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/1336 dar dáta an 18 Iúil 2016 agus 2016/1001 dar dáta an 20 Meitheamh 2016 ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[4] IO L 212, 5.8.2016, lch. 8–106
[5] IO L 164, 22.6.2016, lch. 15-21